Rang 1 & Rang 2
**Tíreolaíocht**

# Tonnta

Inniu d'fhoghlaim muid faoin gcumhacht iontach atá ag tonnta. An ghaoth ag séideadh thar dhromchla uisce a chruthaíonn tonnta. Tugtar fuinneamh ón ngaoth don uisce mar gheall ar an bhfrithchaitheamh idir móilíní an aeir agus móilíní an uisce.

**Nuair a fhéachann muid ar thontta, is féidir ceithre ghné a ainmniú:**

Círín = barr na toinne

Log na Toinne= an pointe is ísle idir gach círín

Airde na Toinne = an fad idir an log agus an círín

Tonnfhad = an fad ó chírín go círín nó ó log go log



# Surfáil

**An raibh fhios agat go bhfuil ceann de na tonnta is mó ar domhan ag Éirinn agus gur féidir le daoine a bheith ag súrfáil air?**

Dáiríre! Bíonn an tonn le fáil amach ón Mullach Mór, Co. Shligigh. Nuair a bhíonn stoirm mhór ar an Atlantach, bíonn tonnta ollmhóra ann.  I mí Dheireadh Fómhair 2020, bhí tonnta 18 méadar ar airde ann mar gheall ar hairicín.

Níor chuir sé sin stop leis an saineolaí surfála Conor Maguire, a d'imigh amach ag surfáil air. Bhí an tonn chomh mór, rinneadh tuairisc faoi ar Nuacht RTÉ. Féach chomh mór is atá sé!



# Surfáil


**Bhí meitheal mhór slándála ag Conor nuair a bhí sé á shurfáil. D'úsáid réamhaisnéis na haimsire leis an tonn mhór a thuar. Bíonn Met Éireann ag tomhas na dtonn agus an lá sin, rinneadh ceann 21.7 méadar ar airde a thaifead!**

Cé nach bhfuil an aimsir chomh grianmhar in Éirinn agus mar atá san Astráil nó i Haváí, tá sí fós ar cheann de na tíortha is fearr don tsurfáil!



# Dathú Isteach

Dathaigh isteach an pictiúr thíos le céiliúradh a dhéanamh ar shurfáil na hÉireann!



# Déan do Thonn Féin

**Níl gá leis an bhfarraige le tonnta a fheiscint, is féidir leat do chinn féin a dhéanamh!**

**Ag teastáil:** Buidéal nó próca ghloine, uisce, ola naíonáin, agus dathúchán bia.


Céim 1: Líon an próca le huisce. Cuir roinnt dathúchán bia leis. Déanfaidh dath ar bith cúis ach bíonn cuma mhaith ar ghorm. Ansin cuir an t-uisce daite i mbuidéal ionas go mbeidh sé beagnach leathlán.




Céim 2: Anois cuir an ola naíonáin isteach. Bí cúramach nach doirtfidh tú é i ngach áit. Líon an chuid eile den mbuidéal leis an ola. Tabharfaidh tú faoi deara go suíonn an ola os cionn an uisce agus nach meascann siad le chéile.



# Déan do Thonn Féin



Céim 3: Líon go barr é, ní theastaíonn aer uait sa bhuidéal. Ansin dún an buidéal go daingean.



# Déan do Thonn Féin

Céim 4: Anois an píosa is fearr. Leag an buidéal ar a thaobh. Feicfidh nach meascann an ola leis an uisce, ach go snámhann siad thar a chéile, agus go mbíonn tonn den scoth ann!

